



PREASEISIÚINT Uimh. 19/24

Lucsamburg, an 30 Eanáir 2024

Breithiúnas na Cúirte C-560/20 | Landeshauptmann von Wien (Athaontú teaghlaigh le dídeanaí mionaoiseach)

Tá dídeanaí mionaoiseach neamhthionlactha i dteideal athaontú teaghlaigh lena thuismitheoirí, fiú má thagann sé in aois le linn an nós imeachta um athaontú teaghlaigh

In imthosca eisceachtúla an cháis seo, ní mór cead iontrála agus cónaithe a dheonú freisin do dheirfiúr fásta an dídeanaí dá dteastaíonn cúram leanúnach óna thuismitheoirí mar gheall ar thinneas tromchúiseach

Chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil dídeanaí mionaoiseach neamhthionlactha i dteideal athaontú teaghlaigh lena thuismitheoirí, fiú má thagann sé in aois le linn an nós imeachta um athaontú teaghlaigh. I gcásanna eisceachtúla, ní mór athaontú teaghlaigh a leathnú chuig deirfiúr a bhfuil lán-aois bainte amach aici agus dá dteastaíonn cúram leanúnach óna thuismitheoirí mar gheall ar thinneas tromchúiseach. Murach sin, dhéanfaí *de facto* a gceart chun athaontú teaghlaigh lena dtuismitheoirí a bhaint den dídeanaí. Ní féidir an ceart sin a chur faoi réir an choinníoll go mbeidh cóiríocht, árachas sláinte agus ag an dídeanaí mionaoiseach nó ag a thuismitheoirí dóibh féin agus dá dheirfiúr.

Tar éis stádas dídeanaí a dheonú san Ostair do mhionaoiseach neamhthionlactha, bhí a thuismitheoirí agus a dheirfiúr fásta ag iarraidh ceadanna cónaithe a fháil ansin chun bheith in ann dul in éineacht leis. Dhiúltaigh údaráis na hOstaire do na hiarratais sin ar an bhforas, tar éis iad a thabhairt isteach, gur bhain an Siriach óg lán-aois amach agus iarratais ar athaontú teaghlaigh a rinneadh as sin.

Chuir na thuismitheoirí agus an deirfiúr in aghaidh an diúltaithe seo os comhair Chúirt Riaracháin Vín. D'iarr an chúirt ar an gCúirt Bhreithiúnais an Treoir maidir leis an gceart chun teaghlaigh a athaontú a léiriú ¹. Cuirtear in iúl, i measc nithe eile, go raibh an deirfiúr ag brath go hiomlán agus go buan ar cúram a thuismitheoirí, de bharr pairilis cheirbreach, agus nach bhféadfadh siad í a fhágáil ina haonar sa tSiria.

Meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais go dtugtar cosaint shonrach do dhídeanaithe leis an Treoir. Mar gheall ar a leochaileacht ar leith, arb é atá ann go sonrach athaontú dídeanaithe mionaoiseacha neamhthionlactha trí cheart a thabhairt dóibh chun athaontú teaghlaigh lena dtuismitheoirí.

Ar an gcéad dul síos, chinn an Chúirt go bhfuil **dídeanaí mionaoiseach neamhthionlactha a bhfuil lán-aois bainte amach aige le linn an nós imeachta a bhaineann leis an iarratas ar athaontú teaghlaigh lena thuismitheoirí, i dteideal athaontú den sórt sin** ². Ní féidir leis an gceart sin a bheith ag brath ar an luas lena ndéantar an t-iarratas a phróiseáil. Dá bhrí sin, ní féidir an t-iarratas a dhiúltú ar an bhforas nach mionaoiseach an dídeanaí a thuilleadh ar dháta an chinnidh maidir leis an iarratas sin.

Ar an dara dul síos, chinn an Chúirt, mar gheall ar bhreiteacht dheirfiúr an dídeanaí mionaoiseach, mura mbeadh sí i dteideal athaontú teaghlaigh leis an mionaoiseach, ag an am céanna lena thuismitheoirí, go mbainfí *de facto* an ceart atá ag an dídeanaí chun athaontú teaghlaigh leis na thuismitheoirí sin, ós rud é nach féidir lena thuismitheoirí a

bheith in éineacht lena mhac gan a n-iníon a thabhairt leo. Bheadh toradh den sórt sin ar neamhréir le cineál neamhchoinníollach an chirt sin agus chaithfeadh sé amhras ar a éifeachtacht, rud a dhéanadh neamhaird ar chuspóir na Treorach maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh agus ar na ceanglais a eascraíonn as an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a bhaineann le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh agus ar chearta an mhionaoisigh, rud a cheanglaítear leis an Treoir sin a ráthú.

Cinneann an Chúirt, sa tríú hait, nach féidir a cheangal ar dhídeanaí mionaoiseach ná ar a thuismitheoirí go bhfuil cóiríocht sách mór acu dóibh féin agus dá dheirfiúr atá go dona tinn, go mbeidh árachas sláinte agus acmhainní leordhóthanacha acu. Tá sé nach mór dodhéanta do dhídeanaí mionaoiseach neamhthionlactha na coinníollacha sin a shásamh. Agus bheadh sé thar a bheith deacair ar thuismitheoirí mionaoisigh neamhthionlactha na coinníollacha sin a chomhlíonadh sula dtagann siad chun cónaí lena leanbh fiú. Mar sin, is amhlaidh go séanfaí an ceart chun athaontú teaghlaigh lena dtuismitheoirí, i ndáiríre ar dhídeanaithe mionaoisigh neamhthionlactha, dá gcuirfí athaontú teaghlaigh sin faoi réir na gcoinníollacha sin.

CÚLRA : Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, ceist a chur chun na Cúirte Breithiúnais faoi léiriú ar dhlí an Aontais nó faoi bhailíocht gnímh de chuid an Aontais. Ní dhéanann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh ar dhíospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh seo ina cheangal freisin ar aon chúirt nó binse náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist dlí os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar an lá fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar fáil ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Treoir 2003/86/CE](#) ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir leis an gceart chun athaontú teaghlaigh.

² Ina breithiúnas an 12 Aibreán 2018, *A agus S*, [C-550/16](#), chinn an Chúirt cheana féin go gcoimeádann mionaoiseach neamhthionlactha a thagann in aois le linn an nós imeachta tearmainn a cheart chun athaontú teaghlaigh. Mar sin féin, ní mór iarratas den sórt sin ar athaontú teaghlaigh a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta, i bprionsabal trí mhí ón lá a aithníodh an mionaoiseach lena mbaineann mar dhídeanaí (féach [Preaseisiúint Uimh. 40/18](#)).